Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12259/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0295 (NLE)**

**ECOFIN 813**
**FIN 850**
**UEM 241**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil a fhormheas |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021
maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh
agus athléimneachta don Iodáil a fhormheas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Iodáil an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta ('RRP') a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021')[1].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, tá an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha do gach Ballstáit le nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022 chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

(3) An 11 Iúil 2023, chuir an Iodáil iarraidh réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin moladh a dhéanamh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ar an bhforas nach féidir RRP a bhaint amach a thuilleadh go páirteach de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá RRP leasaithe curtha isteach ag an Iodáil.

(4) Déanann RRP leasaithe a thíolaic an Iodáil mar gheall ar imthosca oibiachtúla difear d'ocht mbeart.

---

1 Féach doiciméid ST10160/21 agus ST 10155/61 ADD 1 REV 2, http://register.consilium.europa.eu.

(5) Baineann an chéad leasú le hInfheistíocht 4 Teicneolaíocht Satailíte agus an Geilleagar Spáis faoi Ghné 2 de Mhisean 1. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht naisc satailíte a fhorbairt i bhfianaise an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais agus an gá atá ann le rannchuidiú le forbairt na hearnála spáis, chun seirbhísí amhail cumarsáid shlán agus bonneagar faireacháin a chumasú d'earnálacha éagsúla den gheilleagar. Cuimsítear inti ceithre fhobheart: (i) Cumarsáid Satailíte, (ii) Faire na Cruinne, (iii) Monarcha Spáis agus (iv) An Geilleagar Fithiseach. Mhínigh an Iodáil nach féidir an fobheart cumarsáid satailíte a bhaint amach go páirteach a thuilleadh i bhfianaise forbairtí margaidh le déanaí a bhaineann le naisc satailíte. Go háirithe, le forbairt roinnt tionscnaimh tráchtála le haghaidh Idirlíon na Rudaí Nithiúla bunaithe ar shatailítí beaga, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda, déantar infheistíocht phoiblí acmhainní poiblí san fhearann sin a dhíspreagadh agus is gá forluí le hinfheistíochtaí príobháideacha sna gníomhaíochtaí a bhí beartaithe ar dtús a sheachaint. Thairis sin, is gá an fobheart cumarsáid satailíte a ailíniú le tionscnamh 'Nascacht Shlán' IRIS an Aontais[2], lena ndéantar foráil maidir le córas nascachta spásbhunaithe úrscothach a fhorbairt chun acmhainneachtaí cumarsáide feabhsaithe a chur ar fáil, rud a mhéadóidh rannchuidiú na hIodáile leis an tionscnamh sin. Dá bhrí sin, d'iarr an Iodáil go leasófaí an tuairisc ar an bhfobheart cumarsáid satailíte d'Infheistíocht 4 Teicneolaíocht Satailíte agus an Geilleagar Spáis chun é a athdhíriú ar fhorbairt teicneolaíochtaí agus córas dé-úsáide chun seirbhísí cumarsáide satailíte nuálacha ardslándála a sholáthar lena n-úsáid ag an rialtas. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2023 a leasú dá réir sin.

(6) Baineann an dara leasú le hInfheistíocht 3.2 Tionscal na scannán a fhorbairt (tionscadal Cinecittà) faoi Ghné 3 de Mhisean 1. Tá sé de chuspóir ag an infheistíocht iomaíochas earnáil scannán agus chlosamhairc na hIodáile a fheabhsú, tionchar sóisialta agus eacnamaíoch ghéarchéim Covid-19 a mhaolú agus tacú le fás eacnamaíoch, fostaíocht agus iomaíochas. Mhínigh an Iodáil nach féidir an beart a bhaint amach a thuilleadh mar a cuireadh síos air ar dtús sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 toisc gur athainmníodh an t-eintiteas cur chun feidhme bunaidh 'Istituto Luce' mar 'Cinecittà S.P.A' in 2021. Dá bhrí sin, d'iarr an Iodáil go n-athrófaí ainm an eintitis cur chun feidhme do thionscadal forbartha thionscal na scannán, ó 'Istituto Luce' go 'Cinecittà S.P.A' i dteideal an bhirt agus i ngarsprioc M1C3-20. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Baineann an tríú leasú le hInfheistíocht 3.4 Tástáil hidrigine le haghaidh soghluaisteacht iarnróid faoi Ghné 2 de Mhisean 2. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht 10 stáisiún athbhreoslaithe ar a laghad a thógáil d'iarnróid bunaithe ar hidrigin feadh sé líne iarnróid ar a laghad. Ina theannta sin, lonnófar na stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine traenach gar do láithreáin áitiúla giniúna hidrigine glaise nó do stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine mótarbhealaigh. Mhínigh an Iodáil nach féidir an beart a bhaint amach go páirteach a thuilleadh, go háirithe mar gheall ar fhreagairt theoranta na ngníomhaithe margaidh maidir le suíomh na stáisiún athbhreoslaithe agus, mar thoradh air sin, nach bhféadfaí ach cuid díobh a bheith suite gar don áit ginte hidrigin. Thairis sin, i bhfianaise an chreata dhlíthiúil athbhreithnithe a bhaineann le hidrigin agus, go háirithe, i bhfianaise ghlacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184[1] 'lena mbunaítear modheolaíocht de chuid an Aontais ina leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir le táirgeadh breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch', chomh maith le critéir shonracha a leagan amach faoina gcáileodh hidrigin mar hidrigin in-athnuaite, shoiléirigh na húdaráis, i gcomhréir le Treoir 2018/2001 ó Pharliamint na hEorpa agus ón gComhairle[2], go n-úsáidfear hidrigin in-athnuaite toisc go dtugann sé creat níos soiléire chun an beart a chur chun feidhme. Ar an mbonn sin, d'iarr an Iodáil go n-athrófaí an tuairisc ar an mbeart sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021.

---

1 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodheolaíocht de chuid an Aontais a bhunú ina leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir le táirgeadh breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (IO L 157, 20.6.2023, lch. 11).

2 Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

(8) Baineann an ceathrú leasú le hInfheistíocht 4.3 Bonneagar athluchtúcháin a shuiteáil faoi Ghné 2 de Mhisean 2. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht stáisiúin mhear-athluchtúcháin d'fheithiclí leictreacha a thógáil feadh saorbhealaí agus i gceantair uirbeacha. Mhínigh an Iodáil nach féidir cuid den bheart a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne tháscach toisc go raibh an léiriú spéise don ghlao i leith stáisiúin athluchtaithe le haghaidh 'saorbhealaí' thar a bheith teoranta, rud a d'fhág nach raibh ach glacadh an-teoranta leis an infheistíocht ina leith sin. Dá bhrí sin, d'iarr an Iodáil go modhnófaí an tuairisc ar sprioc idirmheánach M2C2-27 trí thógáil bonneagair athluchtaithe ar shaorbhealaí a chur ar atráth, agus ar an gcaoi sin chuirfí deireadh leis an ngné bhunaitheach a bhaineann le bronnadh na gconarthaí poiblí uile chun 2 500 aonad bonneagair mear-athluchtúcháin feithiclí leictreacha saorbhealaigh a shuiteáil, agus trí líon na n-aonad bonneagair athluchtúcháin i limistéir uirbeacha a mhéadú go 4 700 ar a laghad ón 4 000 aonad bunaidh. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(9) Baineann an cúigiú leasú le hInfheistíocht 2.1 An Ecobonus agus an Sismabonus a neartú le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus sábháilteacht foirgneamh faoi Ghné 3 de Mhisean 2. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht athchóiriú foirgneamh a mhaoiniú chun críoch éifeachtúlachta fuinnimh agus frithsheismeacha, agus chun rannchuidiú leis na spriocanna maidir le caomhnú fuinnimh agus laghdú astaíochtaí a bhaint amach agus chun tacaíocht fhrith-thimthriallach a chur ar fáil don earnáil tógála chun éifeachtaí an tsleabhctha eacnamaíoch a fhritháireamh. Cuirtear an tacaíocht ar fáil trí asbhaint chánach nó, mar mhalairt air sin, trí aistriú creidmheasa nó lascaine ar shonraisc. Mhínigh an Iodáil nach féidir sprioc idirmheánach an bhirt sin a bhaint amach go páirteach a thuilleadh i ngeall ar an ngá atá le tosaíocht a thabhairt d’idirghabhálacha éifeachtúlachta fuinnimh sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, rud atá athraithe go suntasach ón am a pleanáladh an tionscadal ar dtús. Dá réir sin, b’éigean na hidirghabhálacha a bhaineann le críocha frithsheismeacha a laghdú agus níorbh fhéidir iad a chur i gcrích sa tréimhse ama a bhí beartaithe. Ina theannta sin, baineadh an rogha maidir le haistriú creidmheasa agus lascaine ar shonraisc a bhain leis an Superbonus i mí Feabhra 2023 mar gheall ar imní faoi incháilitheacht agus an glacadh ní ba mhó ná mar a bhíothas ag súil leis, rud a d’fhág go raibh méadú iomarcach ar chaiteachas rialtais. Dá bhrí sin, d’iarr an Iodáil go leasófaí an tuairisc ar an mbeart agus go méadófaí sprioc idirmheánach M2C3-2 maidir le hidirghabhálacha éifeachtúlachta fuinnimh chun baint na coda a bhaineann le hidirghabhálacha riosca seismigh a fhritháireamh. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(10) Baineann an séú leasú le hInfheistíocht 1.1 Plean do naíolanna, agus do réamhscoileanna agus do sheirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige faoi Ghné 1 de Mhisean 4. Is iad cuspóirí na hinfheistíochta an soláthar áiseanna cúraim leanaí a mhéadú trí naíolanna agus réamhscoileanna a thógáil agus a athchóiriú agus a áirithiú go bhfuil siad sábháilte, agus trí mhéadú ar an tairiscint oideachais a áirithiú. Mhínigh an Iodáil nach féidir garsprioc M4C1-9 a bhaineann le dámhachtain conarthaí a bhaint amach go páirteach a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla. Go háirithe, mar thoradh ar fhadhbanna a bhain leis an nglacadh, bhí gá le tairiscintí breise chun na cuspóirí a bhaint amach laistigh den tréimhse ama a comhaontaíodh. I bhfianaise gurb ann do na himthosca oibiachtúla sin, ní mór bearta breise amhail tairiscintí breise a ghlacadh chun cur chun feidhme éifeachtach an bhirt a áirithiú agus chun sprioc M4C1-18 a bhaint amach i R4 2025. Dá bhrí sin, d'iarr an Iodáil go ndéanfaí athbhreithniú ar an tuairisc ar an mbeart, tuairisc inar tagraíodh ar dtús do dhámhachtain na gconarthaí uile le haghaidh idirghabhálacha inghlactha chun tairiscintí ina dhiaidh sin a sheoladh in 2023 agus in 2024, agus go leasófaí garsprioc M4C1-9 chun coigeartú a dhéanamh ar an gcéad sraith d'idirghabhálacha incháilithe i gconarthaí dámhachtana i leith naíolanna agus saoráidí réamhscoile, chomh maith le seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(11) Baineann an seachtú leasú le hAthchóiriú 1.7: Rialáil tithíochta mac léinn a athchóiriú agus infheistíocht i dtithíocht mac léinn faoi Ghné 1 de Mhisean 4. Tá sé de chuspóir ag an mbeart sin eintitis phríobháideacha a spreagadh saoráidí cóiríochta do mhic léinn a chur ar bun agus an soláthar cóiríochta do mhic léinn a mhéadú ag an am céanna. De bharr imthosca oibiachtúla, tá gá le tuilleadh tairiscintí chun cuspóirí an bhirt a bhaint amach laistigh den tréimhse ama a comhaontaíodh. Dá bhrí sin agus d’fhonn cur chun feidhme éifeachtach an bhirt a áirithiú, d’iarr an Iodáil go n-athrófaí sprioc M4C1-28 ina garsprioc lena gcumhdófar an chéad sraith de ghlaonna ar thithíocht bhreise do mhic léinn agus go modhnófaí an sprioc M4C1-30 sin. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(12) Baineann an t-ochtú leasú le hInfheistíocht 5 Fiontar ban a chruthú faoi Ghné 1 de Mhisean 5. Tá sé de chuspóir ag an infheistíocht rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a mhéadú agus, go háirithe, tacú le rannpháirtíocht na mban i ngníomhaíochtaí gnó. Mhínigh an Iodáil go ndearna cuideachtaí líon níos lú iarrataí ar réamhíocaíochtaí ná mar a bhíothas ag súil leis agus gur tháinig moilliú ar iarrataí íocaíochta ag gnólachtaí, rud a rinne difear don sceideal eisíocaíochta, mar gheall ar an gcomhthéacs eacnamaíoch athraithe i dtéarmaí costais agus infhaighteacht ráthaíochtaí bainc, chomh maith le tréimhse níos faide a bheith ag teastáil chun amhábhair agus earraí caipitil a sholáthar. Dá bhrí sin, d'iarr an Iodáil go n-athrófaí ainm sprioc M5C1-18, eadhon ó *'Tacaíocht airgeadais faighte ag fiontair tríd an gCiste Impresa donna*' go '*Tacaíocht airgeadais geallta d'fhiontair*'. Léirítear an t-athrú sin freisin sa tuairisc ar sprioc M5C1-18. Thairis sin, mhol an Iodáil, mar rogha mhalartach níos fearr a tháinig chun cinn le linn chur chun feidhme an bhirt, go gcoinneofaí an dá ionstraim atá ann cheana (Nito-ON agus Smart&Start) agus an ciste nua (Fondo imprese femminili) scartha óna chéile. Dá bhrí sin, measadh nár ghá struchtúr uileghabhálach cistiúcháin a chruthú (Fondo impresa donna), ós rud é go mbeadh ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo mar thoradh air. Ar deireadh, tá sé beartaithe ag an Iodáil deireadh a chur le sonraíocht a áirítear sa tuairisc ar sprioc M5C1-18 a bhaineann le rannchuidiú na dtrí ionstraim a chumhdaítear leis an mbeart le baint amach na sprice, ós rud é go bhfuil na hionstraimí sin faoi thionchar an éilimh agus go raibh an ciste nua níos tarraingtí don mhargadh. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(13) Measann an Coimisiún go dtugann na cúiseanna a chuireann an Iodáil chun cinn údar le leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

(14) Sainaithníodh ocht n-earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear do chúig gharsprioc agus sprioc agus d'ocht mbeart. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 30 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Iodáil. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an tuairisc ar Infheistíocht 4 'Teicneolaíocht satailíte agus an geilleagar spáis' faoi Chuid 2 de Mhisean 1; leis an tuairisc ar Infheistíocht 3.2 'Tionscal na scannán a fhorbairt (tionscadal Cinecittà)' agus ar gharsprioc M1C3-20 faoi Ghné 3 de Mhisean 1; leis an tuairisc ar Infheistíocht 3.4 'Tástáil hidrigine le haghaidh soghluaisteacht iarnróid' faoi Ghné 2 de Mhisean 2 agus ar gharsprioc M2C2-16; leis an tuairisc ar Infheistíocht 4.4.2 – 'An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch' agus ar gharsprioc M2C2-33; leis an tuairisc ar 'Infheistíocht 3.2 - Úsáid Hidrigine sa tionscal ar deacair astaíochtaí a mhaolú ann'; leis an tuairisc ar Infheistíocht 2.1 'An Ecobonus agus an Sismabonus a neartú le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus sábháilteacht foirgneamh' faoi Ghné 3 de Mhisean 2; leis an tuairisc ar Infheistíocht 1.1: 'Plean do naíolanna, agus do réamhscoileanna agus do sheirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige'; leis an tuairisc ar Athchóiriú 1.7 'Rialáil tithíochta mac léinn a athchóiriú agus infheistíocht i dtithíocht mac léinn' agus ar an sprioc M4C1-30; leis an tuairisc ar Infheistíocht 3: 'Idirghabhálacha sochoideachasúla struchtúrtha chun an bhochtaineacht oideachais a chomhrac sa Deisceart agus tacaíocht ann don Tríú hEarnáil' agus ar gharsprioc M5C3-8; agus le garsprioc M5C1-18. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

(15) Agus é á chur san áireamh nach n-athraíonn na torthaí deiridh a bhaineann le cur chun feidhme an 11 bheart atá faoi réir na modhnuithe thuasluaite, measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a mhol an Iodáil difear don mheasúnú dearfach ar RRP a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas RRP i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(16) Maidir leis an gcritéar mheasúnaithe a leagtar amach in Airteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241, agus maidir le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus leithdháileadh méadaithe an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe á chur san áireamh, baineann 37,5 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe leis na bearta a rannchuidíonn go héifeachtach leis an aistriú glas, arb é an sciar céanna a bhí i gceist sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh. Rinneadh na figiúirí sin a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil bearta sa RRP leasaithe i gcónaí a rannchuidíonn cuid mhór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Maidir leis an gcritéar mheasúnaithe a leagtar amach in Airteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241, agus maidir le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus ranníocaíocht uasta airgeadais an phlean téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe á chur san áireamh, baineann 25,1 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe leis na bearta a rannchuidíonn go héifeachtach leis an aistriú digiteach, arb é an sciar céanna a bhí i gceist sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh. Rinneadh na figiúirí sin a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil bearta sa RRP leasaithe i gcónaí a rannchuidíonn go héifeachtach cuid mhór (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as.

(17) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach in Airteagal 19(3), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/241, agus maidir le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, leasaigh an Iodáil an córas rialachais il-leibhéil a bhaineann le RRP (Dlí Foraithne Uimh. 13 an 24 Feabhra 2023, arna thiontú ina Dhlí Uimh. 41 an 21 Aibreán 2023) lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar ról Uachtaránacht Chomhairle na nAirí sa chomhordú agus san fhaireachán a dhéantar ar RRP. I bhfianaise chineál oibríochtúil na n-athruithe agus chaomhnú na bprionsabal atá mar bhonn taca leis an gcóras rialachais, meastar go bhfuil na socruithe leormhaith (Rátáil A) go fóill chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach RRP a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, mar aon leis na táscairí gaolmhara.

(18) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach in Airteagal 19(3), pointe (j), de Rialachán (AE) 2021/241, agus maidir le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, ní dhearna na leasuithe ar chreat rialachais RRP (dá dtagraítear san aithris roimhe seo) difear don Chomhlacht Iniúchóireachta atá i gceannas ar fhaireachán ar an RRP ná ar Regis, an stórchóras aonadach. Ghlac an Iodáil reachtaíocht maidir le sainchúram na Cúirte Iniúchóirí i ndáil le RRP (Dlí Foraithne Uimh. 44 an 22 Aibreán 2023, arna thiontú ina Dhlí Uimh. 74 an 21 Meitheamh 2023). Ós rud é go bhfuil na fíoruithe foriomlána *ex-ante* agus *ex-post* fós i bhfeidhm agus nach ndearna an reachtaíocht a glacadh difear dóibh, meastar go bhfuil na socruithe leormhaith (Rátáil A) go fóill chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus na cistí dá bhforáiltear faoin Rialachán sin á n-úsáid, agus tá coinne leis go seachnófar leo go héifeachtach cistiú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi chláir eile de chuid an Aontais. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun coinbhleachtaí leasa, éilliú, agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(19) Maidir leis na critéir um measúnú a leagtar amach in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (g), (i) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241, ní théann na mionathruithe teoranta ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta i gcion ar an measúnú dearfach ar an bplean tosaigh.

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 1).

(20) Tar éis mheasúnú an Choimisiúin go gcomhlíonann RRP leasaithe na hIodáile go sásúil na critéir le haghaidh measúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach sa Chinneadh seo na leasuithe ar na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun RRP leasaithe a chur san áireamh.

(21) Anuas ar an leasú spriocdhírithe sin, dheimhnigh an Iodáil go bhfuil sé ar intinn aici modhnú cuimsitheach ar an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a iarraidh, lena n-áirítear nuashonrú i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den Rialachán sin a chur san áireamh.

(22) Is é EUR 191 499 177 889 costais iomlána mheasta RRP leasaithe. Go háirithe, EUR 68 897 310 054 atá i gceist le costais mheasta na mbeart a mhaoinítear le ranníocaíocht airgeadais an Aontais i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha agus EUR 122 601 867 835 atá i gceist le costais mheasta na mbeart a mhaoinítear leis an tacaíocht iasachta. Ós rud é go bhfuil méid chostais mheasta na mbeart sa RRP leasaithe a mhaoinítear ag ranníocaíocht airgeadais an Aontais níos ísle ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Iodáil, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán (AE) 2021/241 a leithdháiltear le haghaidh RRP leasaithe na hIodáile a bheith ar comhluach le méid chostais mheasta na mbeart sa RRP leasaithe a mhaoinítear le ranníocaíocht airgeadais an Aontais.

(23) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil a fhormheas, leasaítear é mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe na hIodáile a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Iodáil i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha dar luach EUR 68 897 310 054*. Beidh méid EUR 47 925 096 762 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022. Beidh suim eile EUR 20 972 213 292 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

______________________

* Comhfhreagraíonn an méid seo don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na hIodáile de na speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach Airteagal 11 den Rialachán sin, a asbhaint.’;

(3) leasaítear an Iarscríbhinn mar a leanas:

(a) Leasítear Roinn 1: Athchóirithe agus Infheistíochtaí faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta; 1. Tuairisc ar athchóirithe agus infheistíochtaí mar a leanas;

(i) i bpointe B.3. (Misean 1 Gné 2) Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca leis an iasacht; Infheistíocht 4: Teicneolaíocht satailíte agus an geilleagar spáis; cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

‘Infheistíocht 4: Teicneolaíocht satailíte agus an geilleagar spáis

Tá sé de chuspóir ag an infheistíocht naisc shatailíte a fhorbairt i bhfianaise an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais agus rannchuidiú le forbairt na hearnála spáis. Tá sé d'aidhm ag an infheistíocht freisin seirbhísí amhail cumarsáid shlán agus bonneagar faireacháin a chumasú d'earnálacha éagsúla den gheilleagar agus, chuige sin, áirítear léi gníomhaíochtaí réamhtheachtacha (seirbhísí seolta, táirgeadh agus oibriú satailítí agus bonneagair) agus gníomhaíochtaí iartheachtacha (giniúint táirgí agus seirbhísí cumasaithe). Áirítear leis an infheistíocht dámhachtain tairiscintí agus cuimsítear ceithre thionscadal inti: 1. Cumarsáid satailíte, arb é atá ann gníomhaíochtaí chun teicneolaíochtaí agus córais dé-úsáide a fhorbairt lena n-úsáid chun seirbhísí cumarsáide satailíte nuálacha ardslándála a sholáthar lena n-úsáid ag an rialtas. 2. Faire na Cruinne (EO), lena mbaineann (i) gníomhaíochtaí réamhtheachtacha: lena n-áirítear sonrú, dearadh agus forbairt réaltbhuíne le haghaidh cianbhraiteachta (Radar Cró Shintéisigh (SAR), hipearspeictreach) agus soláthar lainseálacha atá dírithe ar fhaireachán a dhéanamh ar thalamh, ar muir agus ar atmaisféar; (ii) gníomhaíochtaí iartheachtacha: cur i gcrích Thionscadal CyberItaly lena gcuimsítear cruthú macasamhla digití den tír. 3. Monarcha Spáis, lena mbaineann dhá fhothionscadal: (i) Monarcha Spáis 4.0: sonrú, dearadh agus tógáil saoráidí digiteacha monaraíochta, cóimeála agus tástála do shatailítí beaga agus cur chun feidhme cibearchórais fhisiciúil táirgthe agus nascadh digiteach satailíte arb é is aidhm dó nasc déthreoch a bhunú idir an tsamhail dhigiteach agus a contrapháirt fhisiceach;

(ii) Rochtain ar an Spás: taighde, forbairt agus fréamhshamhaltú chun teicneolaíochtaí glasa a bhaint amach do ghlúnta de ceartaitheoirí agus lainseálaithe a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear taispeántas le linn eitilte de theicneolaíochtaí áirithe. 4. An Geilleagar Fithiseach, lena mbaineann cur chun feidhme taispeántóra le haghaidh teicneolaíochtaí seirbhísithe fithiseach le haghaidh idir-inoibritheacht fithiseach; an méadú ar an acmhainneacht náisiúnta um Fhaireachas agus Rianú Spáis (SST) lena n-áirítear líonra braiteoirí ar talamh chun smionagar spáis a bhreathnú agus a rianú; dearadh, forbairt, coimisiúnú sócmhainní chun an tseirbhís sonraí a fháil, a bhainistiú agus a sholáthar chun tacú le gníomhaíochtaí um Bhainistiú Spástráchta.

Tá sé beartaithe nach mbeidh cuspóirí agus impleachtaí míleata ná cosanta ag an infheistíocht.

(ii) i bpointe C.3. (Misean 1 Gné 3) Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca leis an iasacht. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil ‘Infheistíocht 3.1 Tionscal na scannán a fhorbairt (tionscadal Cinecittà)’:

‘Infheistíocht 3.2: Tionscal na scannán a fhorbairt (tionscadal Cinecittà)’;

(iii) i bpointe E.1. (Misean 2 Gné 2) Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, Cuirtear an méid seo a leanas in ionad ‘Infheistíocht 4.4.2 An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnaigh a athnuachan le traenacha breoslaí glana agus seirbhís uilíoch’:

‘Infheistíocht 4.4.2 An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch

Is éard atá san infheistíocht seo soláthar agus cur i seirbhís 53 thraein paisinéirí astaíochtaí nialasacha ar a laghad* (is é sin traein ag a bhfuil inneall féinghluaiste amháin ar a laghad agus lena ngabhann carráistí paisinéirí) agus 100 cóiste breise le haghaidh seirbhís uilíoch. Ar an iomlán, cuirfear ar a laghad 471 aonad san iomlán ar fáil leis an infheistíocht, agus innill féinghluaiste a bheidh in 53 aonad díobh ar a laghad.

______________________

* I gcomhréir le réimse idirghabhála 72 bis d’Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, tá feidhm aige freisin maidir le traenacha démhodhacha.’;

(iv) i bpointe E.1. (Misean 2 Gné 2) Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Infheistíocht 3.4 - Tástáil hidrigine le haghaidh soghluaisteacht iarnróid:

‘Infheistíocht 3.4 - Tástáil hidrigine le haghaidh soghluaisteacht iarnróid

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht seo 10 stáisiún athbhreoslaithe ar a laghad a thógáil d'iarnróid bunaithe ar hidrigin in-athnuaite feadh sé líne iarnróid ar a laghad. Más féidir lonnófar na stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine traenach gar do láithreáin áitiúla giniúna hidrigine in-athnuaite agus/nó do stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine mótarbhealaigh.';

(v) i bpointe E.3. (Misean 2 Gné 2) Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca leis an iasacht, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Infheistíocht 3.2 - Úsáid Hidrigine sa tionscal ar deacair astaíochtaí a mhaolú ann:

'Infheistíocht 3.2 - Úsáid Hidrigine sa tionscal ar deacair astaíochtaí a mhaolú ann

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht seo tacú le taighde, forbairt agus nuálaíocht i dtaca le próisis thionsclaíocha chun tionscnaimh a fhorbairt maidir le hidrigin a úsáid in earnálacha tionsclaíocha ina n-úsáidtear meatán mar fhoinse fuinnimh le haghaidh fuinneamh teirmeach (stroighin, muilte páipéir, ceirmeacha, tionscail ghloine, etc.). I gcomhthéacs na hinfheistíochta seo, seolfar tairiscint shonrach chun tacú le taighde, forbairt agus nuálaíocht cruach le haghaidh próiseas táirgthe cruach trí úsáid hidrigine a mhéadú. Ní úsáidfear gás nádúrtha chun hidrigin a úsáidfear sa laghdú díreach ar iarann a ghiniúint. Tacóidh an beart seo le giniúint hidrigine a bheidh bunaithe ar leictrealú a úsáideann foinsí in-athnuaite fuinnimh mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/2001 (Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite) nó leictreachas eangaí.';

(vi) i bpointe F.1. (Misean 2 Gné 3) Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha; cuirtear an méid seo a leanas ina ionad Infheistíocht 2.1 - An Ecobonus agus an Sismabonus a neartú le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus sábháilteacht foirgneamh:

'Infheistíocht 2.1 - An Ecobonus agus an Sismabonus a neartú le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus sábháilteacht foirgneamh

Maoinítear leis an mbeart Superbonus athchóiriú fuinnimh agus seismeach foirgneamh cónaithe, lena n-áirítear tithíocht shóisialta mar a shonraítear in Airteagal 119 den 'Decreto Rilancio', mar a thugtar air, foraithne a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí díobhálacha eacnamaíocha agus sóisialta na paindéime. Tá dhá sprioc ann: 1) rannchuidiú go suntasach le baint amach na spriocanna maidir le caomhnú fuinnimh agus laghdú astaíochtaí a leagtar síos i bPlean Náisiúnta Comhtháite na hIodáile um Fhuinneamh agus Aeráid (PNIEC) do 2030, agus 2) tacaíocht fhrith-thimthriallach a chur ar fáil don earnáil tógála agus don éileamh príobháideach chun éifeachtaí an tsleabhctha eacnamaíoch a fhritháireamh. Cuirtear an tacaíocht ar fáil i bhfoirm asbhaint chánach thar 5 bliana. Go dtí an 16 Feabhra 2023, foráiltear go bhféadfaidh na tairbhithe, mar mhalairt ar an ionstraim asbhainte cánach, rogha a dhéanamh ionstraimí airgeadais a úsáid (dá ngairtear 'aistriú creidmheasa' agus 'lascaine ar shonraisc), seachas an asbhaint a úsáid go díreach, chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na gcostas ard infheistíochta tosaigh.

Foráiltear leis na hionstraimí malartacha sin go ndéanfar an asbhaint chánach a fhabhróidh an tairbhí le haghaidh méid comhionann: 1. mar ranníocaíocht i bhfoirm lascaine ar an bpraghas réamhíocaíochta ón soláthróir (i.e. cuideachtaí tógála, dearthóirí, nó ar bhonn níos ginearálta, an conraitheoir ginearálta) a lascainíonn é go díreach ar an sonrasc agus a aisghabhtar i bhfoirm creidmheas cánach a laghdaíonn costas na hinfheistíochta tosaigh; 2. mar chreidmheas cánach atá le géilleadh d'institiúid airgeadais, a íocfaidh roimh ré an caipiteal a bhfuil gá leis. Leis an sásra sin, fritháirítear an dídhreasú a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le gan an t-athchóiriú a dhéanamh mar gheall ar na costais arda infheistíochta tosaigh. Is faoin tairbhí a fhágfar an rogha i leith an chonraitheora ghinearálta nó na hinstitiúide airgeadais.

D'fhéadfadh comhthiarnais, foirgnimh aon teaghlaigh, comharchumainn tithíochta neamhroinnte, eagraíochtaí neamhbhrabúis agus comhlachais dheonacha, cumainn agus clubanna spóirt amaitéaracha agus tithíocht shóisialta tairbhiú den dreasacht chánach seo. Chun a bheith incháilithe, ní mór an t-athchóiriú a bheith aicmithe mar 'athchóiriú domhain' (is é sin, athchóiriú meánach de réir Mholadh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún), rud a fhágann go ndéanfar feabhas dhá aicme fuinnimh ar a laghad (rud a chomhfhreagraíonn, ar an meán, do choigilt fuinnimh phríomhúil 40 %).

Tá raon feidhme leathan ag na hidirghabhálacha incháilithe a chumhdaítear leis an mbeart seo, lena n-áirítear, mar shampla, idirghabhálacha tiomána, idirghabhálacha tarraingthe, insliú teirmeach ar dhromchlaí teimhneacha, agus idirghabhálacha maidir le córais aerchóiriúcháin (coirí comhdhlúthúcháin; teaschaidéil; ceangal le líonraí éifeachtúla téimh ceantair faoi choinníollacha sonracha; grianfhuinneamh teirmeach; coirí bithmhaise faoi choinníollacha sonracha), córais fótavoltach gréine le córais stórála ghaolmhara nó bonneagar chun feithiclí leictreacha a luchtú. Tá idirghabhálacha chun an riosca seismeach a bhaineann le foirgnimh a laghdú mar chuid den ionstraim seo freisin agus meastar gur thart ar 14 % den leithdháileadh buiséid a bheidh i gceist leo. Rinne dhá fhoraithne aireachta an 6 Lúnasa 2020 ceanglais theicniúla na n-idirghabhálacha a shainiú cheana féin, mar aon leis na nósanna imeachta maidir le comhlíonadh na gceanglas agus na gcostas uasta sonrach a dheimhniú. Tá an Superbonus gníomhach cheana féin ó bhí an 1 Iúil 2020 ann agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2022 (go dtí an 31 Nollaig 2022 i gcás tithíocht shóisialta). D'fhéadfadh rochtain ar an sochar a bheith ag teastáil ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, i gcás oibreacha ar chomhthiarnais nó ar thithíocht shóisialta, agus 60 % ar a laghad de na hoibreacha déanta roimh na dátaí thuasluaite.

Chun níos mó ama a thabhairt d'idirghabhálacha níos casta, tá sé beartaithe síneadh a chur le cur i bhfeidhm an bhirt le haghaidh comhthiarnas go dtí an 31 Nollaig 2022 agus le haghaidh tithíocht shóisialta go dtí an 30 Meitheamh 2023, gan beann ar 60 % ar a laghad de na hoibreacha a bheith críochnaithe. Tá coinne leis nach ndéanfaidh an beart sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoraíocht Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh. Go háirithe, beidh an costas a bhaineann le coirí comhdhlúthúcháin gáis a shuiteáil cothrom le 20 % ar a mhéad de chostas iomlán an chláir athchóiriúcháin. Sna cásanna sin ina suiteáiltear coirí comhdhlúthúcháin gáis mar ionadú roghnaithe ar choirí neamhéifeachtúla gáis, guail agus ola-bhunaithe, beidh feidhmíocht A acu. Ina theannta sin, comhlíonfaidh suiteáil coirí gáis nádúrtha na coinníollacha a leagtar síos i dTreoraíocht Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

---

* Moladh (AE) 2019/786 (AE) an 8 Bealtaine 2019 ón gCoimisiún maidir le hathchóiriú foirgnimh (ar tugadh fógra dó faoi dhoiciméad C(2019) 3352) (IO L 127, 16.5.2019, lch. 34).';

(vii) i bpointe J.1, (Misean 4 Gné 1) Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha Infheistíocht 1.1: cuirtear an méid seo a leanas in ionad Plean do naíolanna, agus do réamhscoileanna agus do sheirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige:

'Infheistíocht 1.1: cuirtear an méid seo a leanas in ionad Plean do naíolanna, agus do réamhscoileanna agus do sheirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige

Tá an plean infheistíochta don aoisghrúpa 0-6 dírithe ar sholáthar áiseanna cúraim leanaí a mhéadú trí naíolanna agus réamhscoileanna a thógáil agus a athchóiriú agus a áirithiú go bhfuil siad sábháilte, chun a áirithiú go dtiocfaidh méadú ar an tairiscint oideachais agus ar na háiteanna atá ar fáil don aoisghrúpa 0-6, agus ar an gcaoi sin cuirfear feabhas ar cháilíocht an teagaisc. Tá coinne leis go spreagfaidh an beart rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair agus go dtacóidh sé le cúramóirí chun an saol teaghlaigh agus an saol gairmiúil a thabhairt chun réitigh. Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoraíocht Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), déanfar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiamh leis na critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha le haghaidh glaonna ar thionscadail atá ar na bacáin: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach; (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí gás ceaptha teasa réamh-mheasta nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha; (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, gléasra loiscthe dramhaíola agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ina theannta sin, ceanglófar leis na téarmaí tagartha nach roghnófar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil ábhartha náisiúnta.';

(vii) i bpointe J3, (Misean 4 Gné 1) Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca le hiasachtaí, Cuirtear an méid seo a leanas in ionad athchóiriú 1.7: Rialáil tithíochta mac léinn a athchóiriú agus infheistíocht i dtithíocht mac léinn:

'Athchóiriú 1.7: Rialáil tithíochta mac léinn a athchóiriú agus infheistíocht i dtithíocht mac léinn

Is é is cuspóir don athchóiriú eintitis phríobháideacha a spreagadh chun saoráidí cóiríochta do mhic léinn a chur ar bun, agus an Aireacht Ollscoile agus Taighde ag déanamh ranníocaíochtaí i leith cuid den ioncam cíosa do na chéad 3 bliana d'oibriú na struchtúr. Tá sé d'aidhm na háiteanna atá ar fáil do dhaltaí lasmuigh den scoil a mhéadú faoi 2026.

Tá sé d'aidhm ag an infheistíocht atá beartaithe rochtain fhorleathan ar shaoráidí tithíochta a áirithiú ionas go mbeidh sé d'acmhainn ag líon réasúnta mac léinn tabhairt faoi ardoideachas ina rogha réimse agus suímh gan beann ar a gcúlra socheacnamaíoch. Tá sé d'aidhm aige 60,000 cóiríocht chodlata breise a chur ar fáil, rud a laghdóidh go mór an bhearna idir an Iodáil agus meán an Aontais maidir le sciar na mac léinn a bhfuil saoráidí tithíochta acu (18 % i gcomparáid leis an 3 % atá ann faoi láthair san Iodáil). Ní áireofar san infheistíocht coirí gáis nádúrtha a sholáthar.

Ní féidir cóiríocht atá in úsáid cheana féin chun críoch tithíochta mac léinn roimh sheoladh an ghlao choibhneasta ar thionscadail a chur san áireamh i leith na spriocanna. Chun an sprioc deiridh maidir le leapacha cruthaithe agus sannta a bhaint amach, seolfar glaonna ar thionscadail idir 2021 agus 2025.';

(ix) i bpointe N.1, (Misean 5 Gné 3) Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Infheistíocht 3: Idirghabhálacha sochoideachasúla struchtúrtha chun an bhochtaineacht oideachais a chomhrac sa Deisceart agus tacaíocht ann don Tríú hEarnáil:

'Infheistíocht 3: Idirghabhálacha sochoideachasúla struchtúrtha chun an bhochtaineacht oideachais a chomhrac sa Deisceart agus tacaíocht ann don Tríú hEarnáil

Tá sé d'aidhm ag an mbeart an tríú hearnáil a chothú i réigiúin an Deiscirt (Abruzzo, Basilicata, Campania, Calabria, Molise, Puglia, an tSairdín agus an tSicil) agus seirbhísí sochoideachasúla a sholáthar do mhionaoisigh i ndáil le forálacha an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta do chlárthréimhse 2021-2027 na mbeartas comhtháthaithe Eorpach.

Tá coinne leis go ndéanfar na hidirghabhálacha sochoideachasúla chun an bhochtaineacht oideachais a chomhrac agus chun tacú leis an Tríú hearnáil i gceann de na réimsí seo a leanas:- Idirghabhálacha do leanaí 0-6 bliana d'aois a bheidh dírithe ar na coinníollacha rochtana ar sheirbhísí naíolainne agus naíscoile a neartú agus ar thacaíocht a thabhairt don tuismíocht;- Idirghabhálacha do leanaí idir 5-10 mbliana d'aois a bheidh dírithe ar dheiseanna éifeachtacha oideachais a ráthú agus ar luathfhágáil scoile, bulaíocht agus feiniméin eile anacra a chosc; - Idirghabhálacha do leanaí 11-17 mbliana d'aois a bheidh dírithe ar fheabhas a chur ar an soláthar oideachais agus ar an bhfeiniméan luathfhágála scoile a chosc. Áiritheoidh na hidirghabhálacha na príomhghnéithe seo a leanas den tairiscint: -
EUR 50 000 000 an ceann ar a laghad a bheidh i gceist le fógraí poiblí; -
Mairfidh tionscadail eintiteas tríú hearnáil bliain ar a laghad agus suas le 2 bhliain.';

(x) i bpointe C.4. (Misean 1 Gné 3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir leis an iasacht, ró M1C3-20:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 'M1C3-20 | Infheistíocht 3.2: Tionscal na scannán a fhorbairt (tionscadal Cinecittà) | Garsprioc | Síniú na gconarthaí idir an t-eintiteas cur chun feidhme Cinecittà SPA agus na cuideachtaí i ndáil le naoi stiúideo a thógáil | Síniú na gconarthaí | - | - | - | R2 | 2023 | Síniú na gconarthaí idir an comhlacht cur chun feidhme Cinecittà SPA agus na cuideachtaí i ndáil le naoi stiúideo a thógáil.<br>Áirítear leis an idirghabháil sin stiúideonna nua a thógáil, stiúideonna atá ann cheana a aisghabháil, infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí, córais agus seirbhísí digiteacha nua agus iad dírithe ar stiúideonna scannán Cinecittà a bhainistíonn Cinecittà SPA a neartú.<br>Beidh critéir roghnúcháin/incháilitheachta sa chonradh idir an t-eintiteas cur chun feidhme Cinecittà SPA agus na cuideachtaí chun Treoraíocht Theicniúil DNSH (2021/C58/01) a chomhlíonadh maidir le sócmhainní/gníomhaíochtaí agus/nó cuideachtaí dá dtugtar tacaíocht.<br>Gealltanas/sprioc chun 20 % a infheistiú i sócmhainní/gníomhaíochtaí agus/nó i gcuideachtaí a chomhlíonann na critéir roghnúcháin le haghaidh clibeáil dhigiteach agus gealltanas/sprioc 70 % i gcás comhlíonadh critéar roghnúcháin le haghaidh rianú aeráide.'; |

(xi) i bpointe E.2. (Misean 2 Gné 2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, ró M2C2-16:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 'M2C2-16 | Infheistíocht 3.4 Tástáil hidrigine le haghaidh soghluaisteacht iarnróid | Garsprioc | Acmhainní a leithdháileadh i ndáil le tástáil hidrigine le haghaidh soghluaisteacht iarnróid | Fógra maidir le leithdháileadh acmhainní | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | R1 | 2023 | Leithdháileadh acmhainní de réir na nósanna imeachta agus na gcritéar a bunaíodh chun 10stáisiún athbhreoslaithe a thógáil d'iarnróid bunaithe ar hidrigin ar feadh sé líne iarnróid.'; |

(xii) i bpointe E.2. (Misean 2 Gné 2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, ró M2C2-27:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 'M2C2-27 | Infheistíocht 4.3 Bonneagar athluchtúcháin a shuiteáil | Garsprioc | Gach conradh poiblí a dhámhachtain chun bonneagair athluchtúcháin M1 a shuiteáil | Fógra maidir le dámhachtain gach conartha phoiblí chun na bonneagair athluchtúcháin a shuiteáil | - | - | - | R2 | 2023 | Fógra maidir le dámhachtain gach conartha phoiblí chun ar a laghad 4 700 stáisiún athluchtúcháin a thógáil i gceantair uirbeacha (gach bardas). D'fhéadfadh stáisiúin phíolótacha athluchtúcháin a bheidh dírithe ar fhuinneamh a stóráil a bheith mar chuid den tionscadal freisin.'; |

(xiii) i bpointe E.2. (Misean 2 Gné 2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, ró M2C2-33:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 'M2C2-33 | Infheistíocht 4.4.2 An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíche | Garsprioc | Dámhachtain gach conartha phoiblí i ndáil leis an bhflít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíche | Fógra maidir le dámhachtain gach conartha i ndáil leis an bhflít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíche'; | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | R2 | 2023 | Fógra maidir le dámhachtain gach conartha phoiblí i ndáil le traenacha astaíochta nialasacha a fháil* |

---

* I gcomhréir le réimse idirghabhála 72 bis d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, tá feidhm aige freisin maidir le traenacha démhodhacha.';

(xiv) i bpointe F.2. (Misean 2 Gné 3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, ró M2C3-2:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 'M2C3-2 | Infheistíocht 2.1 An Ecobonus agus an Sismabonus a neartú le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus sábháilteacht foirgneamh | Sprioc | Athchóiriú foirgníochta Superbonus agus Sismabonus T1 | Ní bhaineann le hábhar | Líon | 0 | 17 000 000 | R2 | 2023 | Athchóiriú iomlán foirgneamh 17 000 000 méadar cearnach ar a laghad a mbeidh de thoradh air coigiltis fuinnimh phríomhúla 40 % ar a laghad agus feabhas dhá chatagóir ar a laghad ar an deimhniú éifeachtúlachta fuinnimh.'; |

(xv) i bpointe J.2. (Misean 4 Gné 1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, ró M4C1-9:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘M4C1-9 | Infheistíocht 1.1 Plean do naíolanna, agus do réamhscoileanna agus do sheirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige | Garsprioc | Dámhachtain conarthaí chun naíolanna, réamhscoileanna agus seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige a thógáil, a athchóiriú agus a shábháilte atá siad a áirithiú | Fógra ó na húdaráis áitiúla do thairbhithe an mhaoinithe maidir le dámhachtain conarthaí poiblí don chéad sraith d’idirghabhálacha incháilithe | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | R2 | 2023 | Dámhachtain conarthaí agus dáileadh críochach maidir le seirbhísí naíolainne, réamhscoile, agus oideachais agus cúraim luath-óige. Déanfar an dámhachtain i gcomhréir leis an Treoraíocht Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus trína cheangal go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol.’; |

(xvi) i bpointe J.4, (Misean 4 Gné 1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme na hiasachta, ró M4C1-28,

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘M4C1-28 | Athchóiriú 1.7: Rialáil tithíochta mac léinn a athchóiriú agus infheistíocht i dtithíocht mac léinn | Garsprioc | Bronnadh conarthaí tosaigh chun aonaid bhreise cóiríochta codlata (leapacha) a chruthú | Foilsiú na ndámhachtainí ar shuíomh gréasáin na hAireachta | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | R2 | 2023 | Bronnadh conarthaí tosaigh chun aonaid bhreise cóiríochta codlata (leapacha) a chruthú’; |

(xvii) i bpointe J.4, (Misean 4 Gné 1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme na hiasachta, ró M4C1-30,

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘M4C1-30 | Athchóiriú 1.7: Rialáil tithíochta mac léinn a athchóiriú agus infheistíocht i dtithíocht mac léinn | Sprioc | Aonaid chóiríochta codlata do mhic léinn cruthaithe agus sannta faoin scéim reachtach atá ann cheana nó faoin scéim nua | Ní bhaineann le hábhar | Líon | 0 | 60 000 | R2 | 2026 | 60 000 aonad breise cóiríochta codlata (leapacha) ar a laghad cruthaithe agus sannta de réir Dhlí Uimh. 338/2000 arna athbhreithniú i mí Lúnasa 2022 nó de réir na scéime reachtaí nua a glacadh faoi gharsprioc M4C1-29, Athchóiriú 1.7: Rialáil tithíochta mac léinn a athchóiriú agus infheistíocht i dtithíocht mac léinn.’; |

(xviii) i bpointe L.4, (Misean 5 Gné 1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme na tacaíochta iasachta, ró M5C1-18:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘M5C1-18 | Infheistíocht 5 - Fiontar ban a chruthú | Sprioc | Tacaíocht airgeadais d’fhiontair geallta | Ní bhaineann le hábhar | Líon | 0 | 700 | R2 | 2023 | Tá tacaíocht airgeadais geallta do 700 fiontar breise ar a laghad i gcomparáid leis an mbonnlíne.<br>Tugtar faoi chur chun feidhme na tacaíochta d’fhiontraíocht na mban trí ionstraimí atá gníomhach cheana féin (nito, Smart&Start) agus tríd an gciste nua a bunaíodh le Dlí an Bhuiséid le haghaidh 2021. (Fiontair ban ar tugadh tacaíocht dóibh go dtí mí na Samhna 2020 le hionstraimí airgeadais atá ann cheana mar bhonnlíne).’. |

(xix) i bpointe N.2. (Misean 5 Gné 3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, ró M5C3-8:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 'M5C3-8 | Infheistíocht 1.3 Idirghabhálacha sochoideachasúla struchtúrtha chun an bhochtaineacht oideachais a chomhrac sa Deisceart agus tacaíocht ann don Tríú hEarnáil | Sprioc | Tacaíocht oideachais do mhionaoisigh (an chéad bhaisc) | Ní bhaineann le hábhar | Líon | 0 | 20 000 | R2 | 2023 | Gheobhaidh ar a laghad 20 000 mionaoiseach suas le 17 mbliana d'aois tacaíocht oideachais. Díreoidh na tionscadail tacaíochta oideachais ar cheann de na réimsí seo a leanas:<br>Idirghabhálacha do leanaí 0-6 bliana d'aois a bheidh dírithe ar na coinníollacha rochtana ar sheirbhísí naíolainne agus naíscoile a neartú agus ar thacaíocht a thabhairt don tuismíocht;<br>Idirghabhálacha do leanaí idir 5-10 mbliana d'aois a bheidh dírithe ar dheiseanna éifeachtacha oideachais a ráthú agus ar luathfhágáil scoile, bulaíocht agus feiniméin eile anacra a chosc;<br>Idirghabhálacha do leanaí 11-17 mbliana d'aois a bheidh dírithe ar fheabhas a chur ar an soláthar oideachais agus ar an bhfeiniméan luathfhágála scoile a chosc.<br>Príomhghnéithe na tairisceana:<br>- EUR 50 000 000 an ceann ar a laghad a bheidh i gceist le fógraí poiblí;<br>- Mairfidh tionscadail eintiteas tríú hearnáil bliain ar a laghad agus suas le 2 bhliain.<br>Déanfar na gníomhaíochtaí i réigiúin Abruzzo, Basilicata, Campania, Calabria, Molise, Puglia, Sardegna agus Sicilia.'; |

(b) Roinn 2: Tacaíocht Airgeadais, pointe 1. Leasaítear Ranníocaíocht airgeadais mar a leanas:

i bpointe 1.4 An Ceathrú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear 'EUR 2 315 646 882' sa ró deiridh agus sa cholún deiridh in ionad na tráthchoda 'EUR 2 298 850 575';

(c) Roinn 2: Tacaíocht Airgeadais, pointe 2. Iasacht, leasaítear é mar a leanas:

(i) i bpointe 2.3 An Tríú Tráthchuid (tacaíocht iasachta), scriostar ró M4C1-28;

(ii) i bpointe 2.3. An Tríú Tráthchuid (tacaíocht iasachta), cuirtear 'EUR 9 825 328 389' in ionad mhéid na tráthchoda 'EUR 10 344 827 586' sa ró deiridh agus sa cholún deiridh;

(iii) i bpointe 2.4 An Ceathrú Tráthchuid (tacaíocht iasachta), cuirtear an ró nua seo a leanas isteach i ndiaidh ró M2C4-21;

| | | | |
|---|---|---|---|
| 'M4C1-28 | Athchóiriú 1.7: Rialáil tithíochta mac léinn a athchóiriú agus infheistíocht i dtithíocht mac léinn | Garsprioc | Cóiríocht chodlata nua do mhic léinn i dtithíocht mac léinn'; |

(iv) i bpointe 2.4. An Ceathrú Tráthchuid (tacaíocht iasachta), cuirtear 'EUR 16 611 453 220' in ionad mhéid na tráthchoda 'EUR 16 091 954 023' sa ró deiridh agus sa cholún deiridh;

(d) Cuid 3: Cuirtear an méid seo a leanas in ionad socruithe breise:

'CUID 3: SOCRUITHE BREISE

1. Socruithe maidir le faireachán agus cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta

Déantar faireachán ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile, agus déantar é a chur chun feidhme, i gcomhréir leis na socruithe seo a leanas.

Mar a fhoráiltear le Dlí Foraithne Uimh. 77 an 31 Bealtaine 2021 arna leasú le Dlí Foraithne Uimh. 13 an 24 Feabhra 2023, cruthaítear roinnt struchtúr comhordúcháin chun faireachán a dhéanamh ar an bplean agus chun é a chur chun feidhme. Is éard a áirítear leosan go háirithe: (i) coiste stiúrtha ardleibhéil (‘cabina di regia’) a bunaíodh ag Uachtaránacht Chomhairle na nAirí, agus é de phríomhchúram air cur chun feidhme an phlean a stiúradh agus a chomhordú; (ii) struchtúr misin a bunaíodh ag Uachtaránacht Chomhairle na nAirí, ar feadh ré an phlean ar a laghad, a bhfuil sé de chumhacht aige gníomhú mar struchtúr lárnach comhorducháin chun an plean a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh air; (iii) struchtúr teicniúil san Aireacht um an nGeilleagar agus um Airgeadas, lena ndéantar faireachán oibríochtúil ar chur chun feidhme an phlean, rialú ar rialtacht na nósanna imeachta agus na speansas agus an tuairiscithe, agus an tacaíocht theicniúil agus oibríochtúil don chéim cur chun feidhme. Feidhmíonn an struchtúr misin ag Uachtaránacht Chomhairle na nAirí mar phointe teagmhála aonair don Choimisiún Eorpach ar an leibhéal náisiúnta. Áirithíonn an Aireacht um an nGeilleagar agus um Airgeadas go ndéantar meastóireacht ar thorthaí an phlean. Glacann comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara eile páirt i gcruinnithe tiomnaithe de chuid ‘cabina di regia’ chun a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach i gcur chun feidhme an phlean.

Thairis sin, sainaithnítear struchtúir chomhordúcháin ar leibhéal gach riaracháin lárnaigh atá freagrach as bearta a áirítear sa phlean, a bhfuil sé de chúram air na hidirghabhálacha ábhartha a bhainistiú agus faireachán, tuairisciú agus rialú a dhéanamh orthu, lena n-áirítear i ndáil le maoirseacht ar chur chun feidhme agus dul chun cinn i dtreo garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach. Ar deireadh, beartaítear sásraí forfheidhmiúcháin i gcás saincheisteanna cur chun feidhme, lena n-áirítear trí chumhachtaí ionadaíochta a ghníomhachtú vis-à-vis na riaracháin atá freagrach as bearta an phlean, sásraí is aidhm dóibh a ráthú go gcuirfear tionscadail agus sásraí ex-ante i bhfeidhm go tráthúil agus go héifeachtach chun coinbhleachtaí a réiteach.

Chun acmhainneacht riaracháin a neartú maidir le faireachán agus cur chun feidhme, tá sé beartaithe pearsanra sealadach a earcú, lena n-áirítear i ndáil le riaracháin lárnacha atá freagrach as idirghabhálacha an phlean agus leis an Aireacht um an nGeilleagar agus um Airgeadas (lena n-áirítear maidir leis an struchtúr lárnach comhordúcháin agus an Roinn Cuntasaíochta Stáit), dá bhforáiltear i nDlí Foraithne an 9 Meitheamh 2021, Uimh. 80, agus i ndáil le riaracháin i nDeisceart na hIodáile, a bhfuil coinne leis go ndéanfaidh siad an caipiteal daonna a threisiú a bhfuil baint aige le pleanáil agus caitheamh chistí an Aontais, mar a fhoráiltear go háirithe i nDlí Uimh. 178 de 2020. Ina theannta sin, leithdháiltear acmhainní ar an struchtúr misin a bunaíodh ag Uachtaránacht Chomhairle na nAirí chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh sé go héifeachtach, mar a fhoráiltear i nDlí Foraithne Uimh. 13 an 24 Feabhra 2023. Ar deireadh, tá tacaíocht theicniúil agus oibríochtúil do riaracháin lárnacha agus áitiúla beartaithe agus tionscadail á gcur chun feidhme, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as cuideachtaí caipitil phoiblí, díorma saineolaithe le haghaidh cúnamh teicniúil, agus an fhéidearthacht dul i muinín saineolas seachtrach. Beidh cur chun feidhme na mbeart chun an rómhaorlathas a laghdú agus nósanna imeachta riaracháin a shimpliú ag gabháil leis na gníomhaíochtaí sin, dá bhforáiltear i nDlí Fhoraithne Uimh. 77 an 31 Bealtaine 2021 agus Dlí Foraithne Uimh. 13 an 24 Feabhra 2023.

Foráiltear leis na socruithe freisin d'úsáid córais chomhtháite TF ('ReGiS'). Cuirtear de chúram ar an tseirbhís iniúchóireachta atá ann cheana, is e sin an Ard-Chigireacht don Chaidreamh Airgeadais leis an Aontas Eorpach (IGRUE), laistigh den Aireacht um an nGeilleagar agus um Airgeadas, comhordú a dhéanamh ar na córais iniúchóireachta agus na rialuithe a sheoladh le tacaíocht ó Oifig Chríochach Stáit na gCuntas (RTS). Beidh socruithe feabhsaithe le Guardia di Finanza agus le húdaráis neamhspleácha ábhartha amhail an ghníomhaireacht náisiúnta frith-éillithe ANAC i bhfeidhm i gcónaí, agus ar an gcaoi sin neartófar an ról a thugann córas dlí na hIodáile cheana féin do na húdaráis sin maidir le cosaint an airgeadais phoiblí, lena n-áirítear cistí ón Aontas.

2. Socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí a thabhairt don Choimisiún

Feidhmíonn an Aireacht um an nGeilleagar agus um Airgeadas mar struchtúr teicniúil chun faireachán a dhéanamh, lena n-áirítear i ndáil le dul chun cinn maidir le garspriocanna agus spriocanna, agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí rialúcháin agus iniúchóireachta a chur chun feidhme, agus chun tuairisciú agus iarrataí ar íocaíochtaí a sholáthar. Ní chomhordaíonn sí tuairisciú maidir le garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha amháin, ach comhordaíonn sí tuairisciú maidir le faisnéis airgeadais cháilíochtúil agus sonraí eile chomh maith, amhail maidir le faighteoirí deiridh. Déantar na sonraí a thaifead ar leibhéal na riarachán lárnach atá freagrach as bearta an phlean, agus is iad a thuairisceoidh na sonraí is gá don Aireacht um an nGeilleagar agus um Airgeadas. I gcomhréir le hAirteagal 24(2) de Rialachán (AE) 2021/241, tar éis na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha a comhaontaíodh i Roinn 2.1 den Iarscríbhinn seo a bhaint amach, cuirfidh an Iodáil iarraidh chuí-réasúnaithe ar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais agus, i gcás inarb ábhartha, na hiasachta faoi bhráid an Choimisiúin. Áiritheoidh an Iodáil, arna iarraidh sin, go mbeidh rochtain iomlán ag an gCoimisiún ar na bunsonraí ábhartha a thacaíonn leis an údar cuí atá leis an iarraidh ar íocaíocht, chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh ar íocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2021/241 agus chun críoch iniúchóireachta agus rialaithe araon.’.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*